Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Feabhra 2017
(OR. en)

6580/17
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2015/0281 (COD)

CODEC 251
DROIPEN 21
COPEN 55
JAI 162

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh (**GR + R**)<br>= ráiteas |

**Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach**

Leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh san Eoraip le gairid, taispeánadh go soiléir gur gá treisiú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh leis an tslándáil a choimirciú, agus an urraim ar na luachanna coiteanna atá againn, ina measc an smacht reachta agus an urraim do chearta an duine, a chur chun cinn san am céanna. Le freagairt chuimsitheach a chur ar fáil don bhagairt sceimhlitheoireachta atá ag athrú de shíor, is gá bearta éifeachtacha, a bhaineann le cosc a chur ar an radacú as a ngintear an sceimhlitheoireacht, agus faisnéis faoi chionta sceimhlitheoireachta a mhalartú go héifeachtúil, a bheith ag gabháil leis an gcreat feabhsaithe coiriúlúcháin chun sceimhlitheoireacht a chomhrac.

Is leis an meon sin a chuireann institiúidí agus Ballstáit AE in iúl i dteannta a chéile go bhfuil siad tiomanta leanúint — laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach — d'fhorbairt a dhéanamh ar bhearta éifeachtacha coisctheacha agus d'infheistiú a dhéanamh iontu, mar chuid de chur chuige trasearnála cuimsitheach a bhaineann leis na beartais ábhartha uile, lena n-áirítear an cuimsiú sóisialta agus lánpháirtiú, go háirithe i réimse an oideachais, agus a bhfuil baint ag na geallsealbhóirí uile leis, lena n-áiritear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, pobail áitiúla nó comhpháirtithe tionscail.

Tacóidh an Coimisiún le hiarrachtaí na mBallstát, go háirithe trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil do thionscadail atá dírithe ar uirlisí a fhorbairt chun dul i ngleic leis an radacú, agus trí thionscnaimh agus líonraí uile-Aontais, amhail an Líonra um Fheasacht ar an Radacú.

Áitíonn Comhairle an Aontais Eorpaigh, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach gur gá an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, gur gá í a bheith á malartú go héifeachtach agus go tráthúil idir na húdaráis inniúla san Aontas. I ndáil leis an méid sin, tá sé fíorthábhachtach go mbainfí lánúsáid as na hionstraimí, cainéil agus gníomhaireachtaí Aontais atá ann cheana le faisnéis a mhalartú, agus go ndéanfaí an reachtaíocht Aontais go léir a glacadh sa réimse seo a chur chun feidhme go pras.

Athdhearbhaíonn na trí institiúid gur gá measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú chreat ginearálta an Aontais do mhalartú faisnéise agus dul i ngleic, trí ghníomhaíochtaí nithiúla, leis na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith sa chreat sin, lena n-áirítear i bhfianaise an Treochláir chun feabhas a chur ar mhalartú faisnéise agus ar bhainistiú faisnéise, lena n-áirítear réitigh idir-inoibritheachta i réimse CGB[1].

---

[1] 9368/1/16